AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 13.6.2023
COM(2023) 317 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Creat airgeadais inbhuanaithe a oibreoidh ar an láthair**

{SWD(2023) 209 final}

GA GA

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

# Creat airgeadais inbhuanaithe a oibreoidh ar an láthair

## Réamhrá

Tá dúshláin shuntasacha ag baint leis an gComhaontú Glas don Eoraip[1] agus leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach, inbhuanaithe faoi 2050, go háirithe sa chomhthéacs geopholaitiúil agus eacnamaíoch atá ann faoi láthair, ach cuireann na rudaí sin deiseanna ar fáil don Aontas freisin. Cuideoidh an infheistíocht san aistriú glas leis an Eoraip a bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach agus sochaí inbhuanaithe, chothrom, rathúil a thógáil. A bhuí le hinfheistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh glana, inbhuanaithe agus san éifeachtúlacht fuinnimh, neartóidh neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais agus laghdóidh ár spleáchas ar allmhairí ón Rúis agus ar allmhairí breosla iontaise ó lasmuigh den Aontas, rud a chuideoidh praghsanna fuinnimh a mhaolú amach anseo. Chun é sin a dhéanamh, tá gá freisin le hinfheistíochtaí sna hacmhainneachtaí atá againn teicneolaíochtaí glana a fhorbairt agus a mhonarú, ionas nach gcruthófar spleáchais straitéiseacha nua agus chun iomaíochas an Aontais a threisiú. Os a choinne sin, mura ndéanfar beart in am chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus leis an dúlra, tarraingeoidh sé sin costais shuntasacha ar ghnólachtaí agus ar an tsochaí agus d'fhéadfadh athchoigeartuithe suaiteacha a bheith mar thoradh air, rud a mbeadh impleachtaí aige don chobhsaíocht airgeadais. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, beidh gá ag an Aontas le hinfheistíochtaí breise thart ar EUR 700 billiún in aghaidh na bliana chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, RepowerEU agus an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta a bhaint amach[23]. Beidh ar an gcuid is mó go mór fada de na hinfheistíochtaí sin teacht ó chistiú príobháideach.

Tá sé d'aidhm ag clár maoinithe inbhuanaithe an Aontais tacú le cuideachtaí agus leis an earnáil airgeadais san iarracht sin trí chistiú príobháideach ar thionscadail um aistriú, agus ar theicneolaíochtaí um aistriú, a spreagadh agus trí shreafaí airgeadais chuig infheistíochtaí inbhuanaithe a éascú. Le 5 bliana anuas tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Aontas i gcur chun feidhme an chláir maoinithe inbhuanaithe atá aige. Áirítear ar na garspriocanna glacadh an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht[4], glacadh an Rialacháin maidir le Nochtaí um

[1]Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip] (COM(2019)640).

[2] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Measúnú ar Riachtanais Infheistíochta agus infhaighteachtaí cistiúcháin chun acmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta an Aontais a neartú (SWD(2023) 68 final).

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *The EU economy after COVID-19: implications for economic governance'* [Geilleagar an Aontais i ndiaidh phaindéim COVID-19: impleachtaí don rialachas eacnamaíoch] (COM(2021) 662 final).

[4] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088.

Airgeadas Inbhuanaithe[5] (RNAI), glacadh thagarmharcanna aeráide an Aontais sa Rialachán maidir le Tagarmharcanna[6], glacadh an Rialacháin maidir le Bannaí Glasa Eorpacha[7] agus glacadh na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach[8] (TTIC). Tá soiléirithe tugtha ag an Aontas freisin go gcuimsítear rioscaí inbhuanaitheachta freisin sna dualgais mhuiníneacha in earnálacha bainistithe sócmhainní, (ath)árachais agus infheistíochta agus tá forálacha leagtha síos aige lena gceanglaítear go bpléifear sainroghanna inbhuanaitheachta infheisteoirí miondíola ag an díolphointe[9]. I bhfómhar na bliana 2021, mhol an Coimisiún bearta stuamachta mar chuid de na pacáistí baincéireachta[10] agus árachais[11] chun athléimneacht na hearnála airgeadais i leith rioscaí inbhuanaitheachta a mhéadú; tá siad sin á gcaibidliú faoi láthair ag na comhreachtóirí. I dteannta a chéile, áirithítear leis na gnéithe sin go bhfuil tosca inbhuanaitheachta á gcur san áireamh san earnáil airgeadais de réir a chéile.

Is céim thábhachtach é an pacáiste a cuireadh i láthair inniu ionsar thabhairt chun críche an chreata airgeadais inbhuanaithe. A bhuí leis na Gníomhartha Tarmligthe Tacsanomaíochta[12]

---

[5]Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019).

[6] Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide an Aontais, Tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus nochtuithe inbhuanaitheachta le haghaidh tagarmharcanna (IO L 317, 9.12.2019).

[7] Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bannaí glasa Eorpacha (COM/2021/391 final). Comhaontú polaitiúil arna thabhairt i gcrích idir na comhreachtóirí an 28 Feabhra 2023.

[8]Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022).

[9] Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 2010/43/AE a mhéid a bhaineann leis na rioscaí inbhuanaitheachta agus na tosca inbhuanaitheachta atá le cur san áireamh i gcás Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe (GCUI); Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 a mhéid a bhaineann leis na rioscaí inbhuanaitheachta agus na tosca inbhuanaitheachta atá le cur san áireamh ag Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha; Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Rialacháin Tarmligthe (AE) 2017/2358 agus (AE) 2017/2359 a mhéid a bhaineann le tosca inbhuanaitheachta, rioscaí agus sainroghanna a chomhtháthú leis na ceanglais i ndáil le maoirseacht agus rialachas táirgí le haghaidh gnóthais árachais agus dáileoirí árachais agus leis na rialacha maidir le gnó agus comhairle infheistíochta a dhéanamh le haghaidh táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe; Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593 a mhéid a bhaineann le tosca inbhuanaitheachta a chomhtháthú sna hoibleagáidí um rialachas táirgí; Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a mhéid a bhaineann leis na rioscaí inbhuanaitheachta a chomhtháthú isteach i rialachas na ngnóthas árachais agus athárachais; Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 a mhéid a bhaineann le tosca inbhuanaitheachta, rioscaí agus sainroghanna a chomhtháthú i gceanglais eagrúcháin áirithe agus i ndálaí oibriúcháin le haghaidh gnólachtaí infheistíochta;

[10] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh priacal creidmheasa, priacal um choigeartú luachála creidmheasa, priacal oibriúcháin, priacal margaidh agus an t-íosráta aschuir (COM/2021/664 final) agus Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le cumhachtaí maoirseachta, smachtbhannaí, brainsí tríú tír, agus priacail comhshaoil, shóisialta, agus rialachais, agus lena leasaítear Treoir 2014/59/AE (COM/2021/663 final).

[11]Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/138/CE a mhéid a bhaineann le comhréireacht, cáilíocht na maoirseachta, tuairisciú, bearta ráthaíochta fadtéarmacha, uirlisí micreastuamachta, rioscaí inbhuanaitheachta, maoirseacht grúpa agus trasteorann (COM/2021/581 final).

[12] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/3851 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint acmhainní uiscí agus acmhainní muirí, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le cosc agus rialú ar thruailliú, nó leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d’aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a

beifear in ann aitheantas mar infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhsaoil de a thabhairt d'infheistíochtaí i mbreis earnálacha agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus critéir ghaolmhara le haghaidh gach ceann de shé chuspóir comhshaoil an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht[13]. Leis an togra le haghaidh rialachán maidir le trédhearcacht agus sláine na ngníomhaíochtaí rátála comhshaoil, sóisialta agus rialachais[14] (CSR), áiritheofar go mbeidh rátálacha CSR ina gcuid níos iontaofa agus níos trédhearcaí de shlabhra luacha an airgeadais inbhuanaithe. Leis na caighdeáin Eorpacha maidir le tuairisciú um inbhuanaitheacht atá ar na bacáin faoi TTIC, cuirfear ar a gcumas do chuideachtaí faisnéis faoin inbhuanaitheacht a chur in iúl ar bhealach caighdeánaithe d'iasachtóirí, d'infheisteoirí agus do gheallsealbhóirí eile de chineálacha éagsúla. Léirítear sa Mholadh ón gCoimisiún[15] an chaoi a bhfuil an t-airgeadas um aistriú ina chuid den chreat airgeadais inbhuanaithe agus mínítear ann, le samplaí praiticiúla agus mínithe praiticiúla, conas is féidir le cuideachtaí, infheisteoirí agus idirghabhálaithe airgeadais an creat airgeadais inbhuanaithe atá ann faoi láthair a úsáid ar bhonn deonach chun a n-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach, inbhuanaithe a mhaoiniú, agus a gcuid iomaíochais á fheabhsú ag an am céanna. Ar deireadh, sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis, doiciméad maidir le hinúsáidteacht Thacsanomaíocht an Aontais agus le creat airgeadais inbhuanaithe leathan an Aontais, tugtar forléargas ar phríomhcholúin an chreata atá i bhfeidhm anois, agus déantar na bearta inúsáidteachta a glacadh le déanaí a mheas[16].

Léiríonn an anailís luath ar an tuairisciú go bhfuil creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais ag tosú ag obair mar a bhí beartaithe, rud atá ag éascú, trí thrédhearcacht agus mar bhosca uirlisí cuimsitheach, an mhaoinithe phríobháidigh le haghaidh infheistíochtaí glasa agus le haghaidh an aistrithe. Mar shampla de sin, tá an tacsanomaíocht á cur i bhfeidhm ag cuideachtaí agus tá siad ag tosú ar a gcuid cumarsáide maidir lena gcuid infheistíochtaí inbhuanaithe a bhunú uirthi.

D'ainneoin an dul chun cinn shuntasaigh a rinneadh go dtí seo, agus na ndeiseanna agus na mbuntáistí iomaíocha a ghabhfaidh leis an aistriú san fhadtéarma, aithníonn an Coimisiún go bhfuil dúshláin shuntasacha roimh chuideachtaí, go háirithe roimh FBManna, agus iad ag aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach, inbhuanaithe. Áirítear ar na dúshláin sin réitigh a shainaithint i gcás nach bhfuil teicneolaíochtaí glasa ar fáil go fóill, cuspóirí agus gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta a chur in alt a chéile mar chuid de straitéisí gnó, agus

---

mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí sonrach maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin; Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/3850 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 lena mbunaítear critéir scagtha theicniúla bhreise chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile;

[13]Is iad seo a leanas na sé chuspóir comhshaoil atá faoi Thacsanomaíocht an Aontais: (i) maolú ar an athrú aeráide; (ii) oiriúnú don athrú aeráide; (ii) acmhainní uiscí agus acmhainní muirí a chosaint agus a athbhunú ar bhealach inbhuanaithe; (iv) an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach; (v) cosc agus rialú ar thruailliú; agus (vi) an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú;

[14] Togra le haghaidh rialachán maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála comhshaoil, sóisialta agus rialachais (COM(2023) 314 final).

[15] Moladh ón gCoimisiún maidir le maoiniú a éascú le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar inbhuanaithe (C(2023) 3844).

[16] Doiciméad inmheánach oibre maidir le 'Inúsáidteacht Thacsanomaíocht an Aontais agus creat airgeadais inbhuanaithe foriomlán an Aontais a fheabhsú' (SWD(2023) 209), a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le creat airgeadais inbhuanaithe a oibreoidh ar an láthair (COM(2023) 317).

caighdeáin níos airde inbhuanaitheachta comhshaoil agus sóisialta agus ceanglais nochta a bhaineann le hinbhuanaitheacht a chomhlíonadh, agus réiteach a fháil ar an easnamh oibrithe agus scileanna sa lucht saothair.

Maidir leis na ceanglais maidir le nochtadh faisnéise a bhaineann le hinbhuanaitheacht, d'fhéadfadh cur chun feidhme agus céadchur i bhfeidhm na gceanglas sin a bheith dúshlánach chomh maith, mar go n-ardaíonn céimniú isteach an tuairiscithe ceisteanna cur chun feidhme agus inúsáidteachta agus go n-éilíonn sé infheistíochtaí ar leibhéal na gcuideachtaí a dhéanamh i dtionscnamh agus i bpróiseáil na faisnéise a éilítear, agus sa dearbhú cáilíochta a dhéantar maidir léi. Tá an Coimisiún tiomanta do thacaíocht ghníomhach a thabhairt don chur chun feidhme, agus d'inúsáidteacht agus cuimsitheacht an chreata a áirithiú do chuideachtaí ar mhéideanna éagsúla agus de shamhlacha gnó éagsúla agus do chuideachtaí a bhfuil túsphointí éagsúla acu.

**<u>Creat airgeadais inbhuanaithe a oibreoidh ar an láthair</u>**

Agus príomheilimintí an chreata airgeadais inbhuanaithe i bhfeidhm[17], tá cuideachtaí agus eintitis airgeadais tosaithe ag cur i bhfeidhm na n-uirlisí agus na gcaighdeán nochta le haghaidh a gcuid gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus maoiniúcháin. Sna blianta beaga amach romhainn, tiocfaidh feabhas ar cháilíocht agus infhaighteacht na nochtaí agus na sonraí de réir mar a rachaidh cur chun feidhme an chreata airgeadais inbhuanaithe chun cinn, agus beidh gníomhaithe margaidh in ann an tacsanomaíocht agus faisnéis CSR eile a ghiaráil chun cinntí infheistíochta eolacha a dhéanamh, cuspóirí inbhuanaitheachta a chur in alt a chéile agus a chur á bplé, agus maoiniú a fháil nó a chur ar fáil le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar aeráidneodrach, inbhuanaithe. Tiocfaidh méadú ar na tairbhí ó chur i bhfeidhm an chreata de réir mar a bheidh ag méadú ar an méid sonraí atá ar fáil. Tarlóidh sé sin i gcomhthráth le cur chun feidhme an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh (PRAE)[18], lena ndéanfar indéanta é rochtain dhigiteach, oscailte a fháil ar na sonraí sin.

Is léir óna bhfuil sa tuairisciú tacsanomaíochta ar an gcéad bhliain de chur i bhfeidhm na tacsanomaíochta go bhfuil an tacsanomaíocht ag oibriú ar an láthair. Cuideachtaí san innéacs STOXX Europe 600 a thuairiscigh roinnt ailínithe leis an tacsanomaíocht[19], thuairiscigh na cuideachtaí sin, ar an meán, ailíniú tacsanomaíochta thart ar 23 % i gcás caiteachas caipitiúil, 24 % i gcás caiteachas oibríochtúil agus 17 % i gcás ioncaim[20]. Léiríonn sé sin gur féidir le cuideachtaí infheistíocht a dhéanamh in ailíniú gníomhaíochtaí eacnamaíocha leis an tacsanomaíocht, gan beann ar a dtúsphointí. Is féidir le hinstitiúidí airgeadais agus le hinfheisteoirí na sonraí sin a úsáid cheana féin chun cuideachtaí agus earnálacha atá i mbun

[17] Leagtar amach an dúshraith le haghaidh creat an Aontais um airgeadais inbhuanaithe sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú (COM/2018/097 final) agus sa Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú (COM/2021/390 final).

[18] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionad Eorpach ilfhreastail aonair lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis ábhartha atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus le hinbhuanaitheacht (COM/2021/723 final). Comhaontú polaitiúil arna thabhairt i gcrích idir na comhreachtóirí an 23 Bealtaine 2023.

[19] Ón 17 Bealtaine 2023 ar aghaidh, tá 63 % de ghnóthais STOXX Europe 600 tar éis a n-incháilitheacht agus a n-ailíniú tacsanomaíochta le haghaidh na bliana airgeadais 2022 a nochtadh cheana féin; foinse: Bloomberg.

[20] Na cuideachtaí a nocht caiteachas caipitiúil a bhí incháilithe le haghaidh na tacsanomaíochta, thuairiscigh beagnach dhá thrian díobh figiúr ailínithe neamhnialasach agus, maidir leis na cuideachtaí a nocht ioncam incháilithe, thuairiscigh a leath sin céim neamhnialasach d'ioncam ailínithe; foinse: Bloomberg.

aistriú a shainaithint agus chun réitigh mhaoiniúcháin a bhaineann leis an aistriú a chur ar fáil.

Tá an Coimisiún tiomanta do thacú le cur chun feidhme an chreata airgeadais inbhuanaithe agus dá áirithiú go n-oibreoidh na huirlisí agus na nochtaí sa chleachtas. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar an aiseolas ó na geallsealbhóirí, agus cuirfidh sé dlús lena iarrachtaí chun inúsáidteacht agus comhleanúnachas an chreata a fheabhsú, agus mar chuid de sin áiritheoidh sé go mbeidh na gnéithe éagsúla éasca le húsáid agus go n-íoslaghdófar na hualaí riaracháin a mhéid is féidir. Tá an Coimisiún réidh freisin chun tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit chun an cur chun feidhme sin a éascú, lena n-áirítear na caighdeáin Eorpacha maidir le tuairisciú um inbhuanaitheacht atá ar na bacáin, tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[21].

An creat airgeadais inbhuanaithe, tá sé cuimsitheach agus comhréireach. Cuirfidh sé ar a gcumas d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) maoiniú a thiomsú dá n-aistriú agus an t-ualach riaracháin a íoslaghdú ag an am céanna. FBManna neamhliostaithe, go háirithe micrifhiontair, níl siad sin faoi réir chreat rialála an Aontais um airgeadas inbhuanaithe mar gheall ar a méid agus a n-acmhainneacht riaracháin, ach féadann sé go mbeadh suim ag roinnt FBManna infheistíochtaí inbhuanaithe a mhaoiniú agus is féidir leo tairbhí a bhaint, dá ndeoin féin, as uirlisí um airgeadas inbhuanaithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht a gcomhpháirtithe maoiniúcháin agus luachshlabhra ag teastáil ó FBManna, nuair a bheidh siad ag breithniú a gcuid riachtanas i ndáil le maoiniú um aistriú agus nuair a bheidh maoiniú um aistriú á thiomsú acu iarbhír. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na hidirghabhálaithe airgeadais a mheas go mb'fhéidir gur theoranta an acmhainneacht a bheadh ag FBManna faisnéis mhionsonraithe a sholáthar agus prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus iad ag déileáil le cliaint FBM ar spéis leo maoiniú a thiomsú le haghaidh infheistíochtaí glasa.

Glacadh sraith de thionscnaimh agus de bhearta spriocdhírithe cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar phríomh-shaincheisteanna inúsáidteachta agus ar cheisteanna a d'ardaigh na geallsealbhóirí. Mar shampla, shoiléirigh an Coimisiún le déanaí an idirghníomhaíocht idir an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe (RNAI) i ndáil leis an gcoincheap 'infheistíocht inbhuanaithe' agus conas ba cheart d'oibreoirí ceanglais an Aontais maidir le Tacsanomaíocht a léirmhíniú ó thaobh coimircí íosta a chomhlíonadh, lena n-áirítear na gnéithe sóisialta agus rialachais[22]. Comhlánaíonn sé sin treoir ón gCoimisiún a foilsíodh le déanaí maidir leis an idirghníomhaíocht idir RNAI agus Rialachán na dTagarmharcanna maidir le táirgí a

[21] Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil faoi Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021).

[22] I bhFógra C(2023) 3719 ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme forálacha dlíthiúla áirithe de Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht agus an nasc atá aige leis an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe (RNAI), soiléirítear gur féidir d'infheistíochtaí i ngeilleagar atá 'inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de' agus atá ailínithe leis an tacsanomaíocht a bheith incháilithe go huathoibríoch mar 'infheistíochtaí inbhuanaithe' faoi RNAI.

rianaíonn go héighníomhach Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide agus Tagarmharcanna atá ailínithe le Comhaontú Pháras[23].

Leanfaidh an Coimisiún dá chuid oibre maidir le hinúsáidteacht na tacsanomaíochta agus an chreata leathain airgeadais inbhuanaithe a fheabhsú, le tacaíocht ó na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) agus ón Ardán maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe, agus bunaithe ar rannpháirtíocht bhreise na ngeallsealbhóirí. Is cuid thábhachtach de na hiarrachtaí sin é an measúnú cuimsitheach ar RNAI a fógraíodh i mí na Nollag 2022. Mar chuid den mheasúnú RNAI, seolfar comhairliúchán poiblí i bhfómhar 2023.

**<u>Maoiniú an aistrithe</u>**

Chun an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach, inbhuanaithe a bhaint amach, tá gá le hinfheistíochtaí práinneacha, de réir scála, i dteicneolaíochtaí glasa agus i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe. Leis an aistriú a dhéanamh, tá gá freisin le hinfheistíochtaí i ngníomhaíochtaí idirthréimhseacha, i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht[24], i gcásanna nach bhfuil teicneolaíochtaí glasa ar fáil go fóill. Is féidir leis an earnáil airgeadais tacú le forbairt na dteicneolaíochtaí sin. Pacáiste an lae inniu, is céim eile é i dtreo creat dlíthiúil ceannródaíoch domhanda lena n-éascófar maoiniú an aistrithe.

Ní hamháin gur féidir le cuideachtaí a bhfuil an fheidhmíocht inbhuanaitheachta is airde acu maoiniú um aistriú a thiomsú, ach is féidir le cuideachtaí a bhfuil túsphointí éagsúla agus cuspóirí soiléire inbhuanaitheachta acu maoiniú um aistriú a thiomsú freisin. Sa chreat rialála um airgeadas inbhuanaithe, aithnítear cheana féin infheistíochtaí san aistriú i dtaca le gníomhaíochtaí eacnamaíocha, sócmhainní agus cuideachtaí, i gcomhréir le cuspóirí aeráide agus comhshaoil – trí bhíthin na tacsanomaíochta, mar shampla[25]. I bhfianaise na faisnéise faoin inbhuanaitheacht agus na n-uirlisí inbhuanaitheachta a sholáthrófar trí bhíthin an chreata, beidh infheisteoirí príobháideacha agus institiúidí airgeadais in ann infheistíochtaí inbhuanaithe agus infheistíochtaí i dtionscadail um aistriú a shainaithint de réir a chéile ar bhealach níos éifeachtaí agus níos córasaí. Leis na nochtaí agus na huirlisí sin, tugtar deis do chuideachtaí a cuid spriocanna inbhuanaitheachta agus a gcuid conairí um aistriú a chur i láthair infheisteoirí agus geallsealbhóirí ar bhealach caighdeánaithe.

Áirítear sa tacsanomaíocht na gníomhaíochtaí idirthréimhseacha sin nach bhfuil aon rogha ísealcharbóin le dealramh ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de ann ina

---

[23] Ghlac an Coimisiún sraith ceisteanna agus freagraí an 5 Aibreán 2023 chun a shoiléiriú go meastar faoi RNAI táirgí lena ndéantar rianú éighníomhach ar Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide agus ar Thagarmharcanna atá ailínithe le Comhaontú Pháras a bheith ina dtáirgí a bhfuil 'infheistíochtaí inbhuanaithe', mar a shainmhínítear in RNAI, mar chuspóir acu.

[24] Sainmhínítear gníomhaíocht idirthréimhseach in Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht mar ghníomhaíocht nach bhfuil aon rogha ísealcharbóin le dealramh ann ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de i gcás ina dtacaíonn sí leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach ar dhóigh atá comhsheasmhach le conair lena ndéanfaí an t-ardú teochta a theorannú go 1,5 0C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, lena n-áirítear trí dheireadh a chur le hastaíochtaí gás ceaptha teasa de réir a chéile, go háirithe astaíochtaí ó bhreoslaí iontaise soladacha, agus i gcás inar fíor an méid seo a leanas faoin ngníomhaíocht sin: go bhfuil leibhéil astaíochtaí gás ceaptha teasa aici a chomhfhreagraíonn don fheidhmíocht is fearr san earnáil nó sa tionscal; nach gcuireann sí treampán ar fhorbairt ná ar úsáid roghanna eile ísealcharbóin; agus nach gaibhniú sócmhainní ar mó a lorg carbóin a bheidh mar thoradh uirthi i bhfianaise shaolré eacnamaíoch na sócmhainní sin.

[25] Cumhdaítear sé chuspóir comhshaoil leis an tacsanomaíocht: maolú ar an athrú aeráide; oiriúnú don athrú aeráide; acmhainní uiscí agus acmhainní muirí a chosaint agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe; an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach; cosc agus rialú ar thruailliú; bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú.

leith faoi láthair ach ar féidir mar sin féin feabhsuithe suntasacha a bhaint amach ina leith chun an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach a dhéanamh[26]. Ina theannta sin, faoin tacsanomaíocht aithnítear infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a éireoidh, laistigh de 5 bliana (nó 10 mbliana go heisceachtúil), ina ngníomhaíochtaí atá ailínithe leis an tacsanomaíocht. Is féidir infheistíochtaí den sórt sin a nochtadh mar chaiteachas caipitiúil atá ailínithe leis an tacsanomaíocht agus is féidir iad a mhaoiniú trí bhannaí glasa Eorpacha a eisiúint. Ina dhiaidh sin, is féidir bannaí den sórt sin a áireamh i gcomhdhéanamh tagarmhairc nó táirge airgeadais a bhfuil saintréithe inbhuanaitheachta aige nó a bhfuil cuspóirí inbhuanaitheachta aige.

Ag céim thosaigh an aistrithe, leibhéil an ailínithe leis an tacsanomaíocht, beidh na leibhéil sin níos ísle ó thaobh ioncaim de, go háirithe i gcás cuideachtaí agus earnálacha eacnamaíocha áirithe. Meastar cheana féin, áfach, go mbeidh na leibhéil ailínithe níos airde ó thaobh caiteachas caipitiúil de. Tá deimhniú an mhéid sin le fáil sna chéad sonraí atá le fáil arae léiríonn siad go bhfuil líon mór cuideachtaí ag tuairisciú gurb airde a gcuid caiteachais chaipitiúil atá ailínithe leis an tacsanomaíocht ná a n-ioncam ailínithe, go háirithe in earnálacha ard-astaithe mar a bhfuil an riachtanas is géire le maoiniú um aistriú, agus léiríonn siad go bhfuil an meán-ailíniú tacsanomaíochta i gcás earnálacha áirithe i bhfad níos airde i dtéarmaí caiteachas caipitiúil i gcomparáid le hioncam. In earnáil na bhfóntas, mar shampla, is éard atá ann meánchaiteachas caipitiúil ailínithe 70 % i gcomparáid le hioncam ailínithe 40 % agus, in earnáil an fhuinnimh, meánchaiteachas caipitil ailínithe 23 % i gcomparáid le hioncam ailínithe 7 %[27].

Tá sineirgí tábhachtacha ann freisin i dtaca le huirlisí agus nochtaí – sa chomhthéacs ina mbeadh cuideachtaí ag cinneadh spriocanna um aistriú a leagan síos agus pleananna um aistriú a fhorbairt, mar shampla. Tá spriocanna um aistriú leagtha síos go dtí seo ag breis agus 13 000 cuideachta ar fud an domhain[28], agus tá plean um aistriú roghnaithe ag roinnt cuideachtaí chun na spriocanna sin a shonrú. Leis na caighdeáin Eorpacha maidir le tuairisciú um inbhuanaitheacht atá ar na bacáin, áiritheofar gur féidir le cuideachtaí a bpleananna agus a spriocanna maidir leis an aistriú aeráide a chur i láthair ar bhealach caighdeánaithe, má tá pleananna agus spriocanna dá leithéidí sin acu. Is féidir leis sin cabhrú leis na cuideachtaí sin maoiniú a fháil ó ghníomhaithe sa mhargadh airgeadais chun tacú lena n-iarrachtaí um an aistriú. Déanfaidh an tArdán maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe faireachán ar chleachtais mhargaidh a bhaineann le spriocanna agus pleananna um aistriú, agus freisin ar shreafaí caipitil i dtreo chuspóirí inbhuanaitheachta an Aontais.

## Gníomhartha Tarmligthe Tacsanomaíochta maidir leis an gcomhshaol agus leis an aeráid

Tá an tacsanomaíocht ina príomheilimint de chreat an Aontais um airgeadas inbhuanaithe agus ina huirlis thábhachtach trédhearcachta margaidh a chuidíonn infheistíochtaí a dhíriú ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha is mó a bhfuil gá leo le haghaidh aistriú glas. An Gníomh Tarmligthe um Chuid na hAeráide den Tacsanomaíocht lena gcumhdaítear an maolú ar an

[26] Féach fonóta 24.

[27] Tá na sonraí bunaithe ar thuairisciú ailínithe tacsanomaíochta ó 455 cuideachta, go dtí an 16 Bealtaine 2023; foinse: GS SUSTAIN Goldman Sachs Global Investment Research.

[28]Foinse: An Tairseach um Ghníomhaíocht Domhanda ar son na hAeráide, Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.

athrú aeráide agus an t-oiriúnú don athrú sin, tá sé faoi lán seoil ó mhí Eanáir 2022 i leith agus áirítear leis 107 ngníomhaíocht eacnamaíocha atá ina gcúis le 64 % de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa in AE-27[29]. Céim ríthábhachtach i bhforbairt an chreata tacsanomaíochta is ea glacadh an Ghnímh Tharmligthe um Chuid an Chomhshaoil den Tacsanomaíocht lena n-áirítear critéir le haghaidh na gceithre chuspóir comhshaoil atá fágtha. Trí níos mó gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chuimsiú lena gcumhdaítear gach ceann de na sé chuspóir comhshaoil agus lena gcumhdaítear, dá réir sin, tuilleadh earnálacha agus cuideachtaí eacnamaíocha, méadófar poitéinseal na n-infheistíochtaí inbhuanaithe san Aontas. Chun an méid sin a chomhlánú, déantar leasuithe spriocdhírithe ar an nGníomh Tarmligthe um Chuid na hAeráide den Tacsanomaíocht chun é a leathnú ionas go gcuimseofar gníomhaíochtaí eacnamaíocha nár cuimsíodh go dtí seo[30]. Leis na nithe breise sin, éascófar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glasa, in acmhainneacht monaraíochta glan-nialasachta agus i soláthar fuinnimh in-athnuaite, rud a threiseoidh beartas tionsclaíoch an Aontais mar a fógraíodh i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais le haghaidh Ré na Glan-nialasachta[31].

Is ar mholtaí an Ardáin maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe, den chuid is mó, a bhunaítear na gníomhartha tarmligthe[32]. Mar sin féin, ní áirítear sa phacáiste a cuireadh i láthair inniu na gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile a ndearna an tArdán moltaí ina leith. Tá tús áite tugtha ag an gCoimisiún do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin is mó a d’fhéadfadh rannchuidiú go suntasach, agus a rabhthas in ann na critéir a moladh ina leith a fhormhuiniú nó a bheachtú laistigh de thréimhse ghearr. Maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar gá measúnú agus calabrú níos doimhne a dhéanamh ar na critéir ina leith, leanfaidh an Coimisiún den mheasúnú agus den athbhreithniú orthu sin d’fhonn aghaidh a thabhairt orthu ag céim níos déanaí.

Sainítear sa tacsanomaíocht na critéir is éigean do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaint amach chun go mbeidh siad inbhuanaithe agus, dá bhrí sin, leagtar amach conair a gclaochlaithe sa tacsanomaíocht. Tiocfaidh méadú ar leibhéal na sócmhainní atá ailínithe leis an tacsanomaíocht de réir mar a rachaidh an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach, inbhuanaithe chun cinn. Cuirfear earnálacha agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha nua leis an méid sin, agus déanfar na cinn atá ann cheana a bheachtú agus a thabhairt cothrom le dáta, i gcás inar gá, i gcomhréir le forbairtí rialála agus teicneolaíocha; is rud é sin a gcuirfidh an tArdán maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe comhairle ar fáil ina leith faoin sainordú atá aige faoi láthair[33].

---

[29]Tá sé sin bunaithe ar chóid NACE Ath. 2 a áirítear sa Ghníomh Tarmligthe um Chuid na hAeráide den Tacsanomaíocht agus ar shonraí ó Eurostat 2021, https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/env_ac_ainah_r2/default/table?lang=en.

[30]Déantar, freisin, leis an ngníomh tarmligthe, leasuithe spriocdhírithe agus ceartúcháin chléireachais ar chritéir aeráide atá ann cheana.

[31]Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach*, (COM(2023) 62 final).

[32] See https://finance.ec.europa.eu/system/files/2022-03/220330-sustainable-finance-platform-finance-report-remaining-environmental-objectives-taxonomy-annex_en.pdf agus https://finance.ec.europa.eu/system/files/2022-11/221128-sustainable-finance-platform-technical-working-group_en.pdf. Baintear fónamh as tuarascálacha an Ardáin le haghaidh obair an Choimisiúin, ach is de chineál comhairleach iad. Ní chuireann siad ceangal ar an gCoimisiún earnálacha ná gníomhaíochtaí sonracha a áireamh i dTacsanomaíocht an Aontais.

[33]Beidh deis freisin ag na geallsealbhóirí fógra a thabhairt don Ardán maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe faoi ghníomhaíochtaí a chreideann siad ba cheart a chumhdach i dTacsanomaíocht an Aontais.

Thar aon ní eile, is uirlis do chuideachtaí í an tacsanomaíocht, uirlis chun éascaíocht a dhéanamh dá rochtain ar mhaoiniú le haghaidh an aistrithe ghlais, agus i gcás earnáil an airgeadais, uirlis chun tacú le punanna airgeadais inbhuanaithe a chur á dtógáil agus chun céim inbhuanaitheachta na n-infheistíochtaí a thomhas. Ní liosta é de nithe a bhfuil sé éigeantach infheistíocht a dhéanamh iontu. Is féidir le hinfheisteoirí an tacsanomaíocht a úsáid freisin chun cinntí infheistíochta níos eolaí a dhéanamh. Is féidir leo fós a roghnú go ndéanfaidh siad infheistíocht i gcuideachtaí a bhíonn i gceann gníomhaíochtaí a bhfuil céimeanna éagsúla feidhmíochta comhshaoil acu, nó i gceann gníomhaíochtaí nach gcomhlíonann na critéir tacsanomaíochta. Fiú agus nach mbeadh cuideachta i gceann gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an tacsanomaíocht, ní fhágann sé sin ann féin gurbh fhéidir tátal a bhaint as sin maidir le feidhmíocht chomhshaoil na cuideachta nó maidir lena cumas teacht ar mhaoiniú. Is féidir le cuideachtaí an tacsanomaíocht a úsáid ar bhonn deonach mar uirlis chun spriocanna um an aistriú a shonrú le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha – in éineacht le plean um aistriú, mar shampla. Sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le maoiniú um aistriú a ghabhann leis, mínítear a thuilleadh an chaoi ar féidir an tacsanomaíocht a úsáid ar bhonn deonach chun na críche sin.

I gcás gnóthais neamhairgeadais mhóra, cuireadh tús in 2023 le nochtadh chéim an ailínithe leis an tacsanomaíocht maidir le cuspóirí aeráide. Sna blianta amach romhainn, tabharfar isteach de réir a chéile nochtaí eile le haghaidh gníomhaithe eile agus le haghaidh cuspóirí comhshaoil. Leanfar de thabhairt isteach na tacsanomaíochta de réir a chéile, agus de thabhairt isteach na gceanglas maidir le nochtadh a ghabhann léi, d'fhonn cuidiú le FBManna úsáid a bhaint as an gcreat sin ar bhonn deonach, gan ualaí a chur orthu.

I gcomhthreo leis sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith rannpháirteach i bhfóraim dhomhanda ar mhaithe le spreagadh a chur faoi ghlacadh na tacsanomaíochta go hidirnáisiúnta agus ar mhaithe leis na cineálacha cur chuige i dtaca leis an idir-inoibritheacht a bheachtú. Úsáid iomchuí phrionsabail na tacsanomaíochta, leanfar de sin á áireamh mar chuid d'obair an Ardáin Idirnáisiúnta um Airgeadas Inbhuanaithe.

**Rátálacha CSR agus rátálacha creidmheasa**

Anois agus cur chun feidhme an chreata airgeadais inbhuanaithe ag dul chun cinn, tá sé in am machnamh a dhéanamh ar fheidhmiú mhargadh rátálacha CSR[34]. Ach na rátálacha CSR a bheith trédhearcach, iontaofa, cáilíochtúil, cuirfidh siad le héifeachtacht agus sláine na margaí airgeadais agus leis an gcosaint atá ag infheisteoirí.

Tar éis comhairliúcháin, staidéir agus for-rochtana, tá togra le haghaidh rialachán maidir le feidhmiú mhargadh rátálacha CSR á ghlacadh ag an gCoimisiún inniu. Is é príomhaidhm an togra ón gCoimisiún trédhearcacht a mhéadú maidir le modheolaíochtaí, cuspóirí, saintréithe agus foinsí sonraí na rátálacha CSR. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm aige breis soiléirithe a dhéanamh ar oibríochtaí na soláthraithe rátálacha CSR, go háirithe chun na rioscaí féideartha

[34]Ní chumhdaítear soláthraithe sonraí CSR leis an togra. Ní raibh an oiread céanna iontaoibhe san fhianaise maidir le hidirghabháil rialála sa réimse sin agus ba cheart go rannchuideodh roinnt tionscnamh eile – TTIC nó an Pointe Rochtana Aonair Eorpach (PRAE), mar shampla – cáilíocht agus infhaighteacht na sonraí inbhuanaitheachta a fheabhsú. Ní chumhdaítear leis an tionscnamh seo ach oiread rátálacha inmheánacha arna bhforbairt ag institiúidí airgeadais amhail bainc nó bainisteoirí sócmhainní. Go deimhin, baineann siad sin úsáid astu chun cinntí infheistíochta a dhéanamh a bhaineann lena dtáirgí féin, is lú rioscaí coinbhleachta leasa a ghabhann leo agus ní hionann cuspóir dóibh agus do rátálacha CSR, arae is ar mhargadh na n-infheisteoirí institiúideacha agus ar chuideachtaí atá na rátálacha CSR dírithe.

a bhaineann le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a mhaolú. Ach éiceachóras rátála CSR a bheith níos trédhearcaí, is fearr a bheifear in ann trí ghné na hinbhuanaitheachta a shainaithint[35].

I bhfianaise an tacair moltaí le haghaidh soláthraithe agus rialtóirí rátálacha CSR a d'fhoilsigh an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús i mí na Samhna 2021, déantar foráil sa togra maidir le húdarú agus maoirseacht soláthraithe rátálacha CSR ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí. Thairis sin, moltar ann ceanglais maidir le nochtaí a bhaineann lena modheolaíochtaí agus lena gcuspóirí i dtaca le rátálacha, agus tugtar isteach leis ceanglais eagraíochtúla maidir lena gcuid gníomhaíochtaí, ceanglais atá bunaithe ar phrionsabail. I bhfianaise struchtúr agus chastacht mhargadh na rátálacha CSR, margadh a chuimsíonn a lán soláthraithe beaga rátálacha CSR, rinneadh roinnt cosaintí agus bearta maolaithe a ionchorprú sa tionscnamh ar mhaithe leis na gníomhaithe margaidh beaga sin. Is é an cuspóir atá ann an inrochtaineacht a chothú agus an nuálaíocht a chur chun cinn sa mhargadh, go háirithe le linn na chéad chéime de chur i bhfeidhm an Rialacháin.

Le blianta beaga anuas, tháinig athruithe agus feabhsuithe freisin a bhaineann le nochtadh agus ionchorprú fachtóirí CSR i rátálacha creidmheasa. Tá roinnt gníomhaireachtaí rátála creidmheasa ag déanamh nochtaí a ghabhann thar a gceanglaítear le Rialachán 1060/2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa[36] agus thar a bhfuil i dTreoirlínte an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí. Dá thoradh sin, tá comhairle á lorg ag an gCoimisiún ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí mar gheall ar na rialacha maidir le cur i láthair rátálacha creidmheasa agus ionchas rátála, agus maidir leis na rialacha maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na modheolaíochtaí a úsáideann gníomhaireachtaí rátála creidmheasa. Is é is aidhm dó sin aghaidh a thabhairt ar easnaimh a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) an chaoi a ndéantar fachtóirí CSR a ionchorprú i modheolaíochtaí; agus (ii) nochtaí faoin gcaoi a n-imríonn fachtóirí CSR tionchar ar rátálacha creidmheasa[37].

**<u>Caighdeáin Eorpacha maidir le tuairisciú um inbhuanaitheacht atá ar na bacáin</u>**

Is fachtóir í an inbhuanaitheacht a bhfuil tábhacht léi i dtaca le hiomaíochas cuideachtaí san fhadtéarma, agus féadann an inbhuanaitheacht agus an t-iomaíochas a bheith fite fuaite ina chéile. Tá nochtaí um inbhuanaitheacht ina bhfoinse shárthábhachtach d'institiúidí airgeadais arae cuidíonn siad leo caipiteal a dhíriú ar infheistíochtaí um aistriú agus táirgí airgeadais a bhfuil cuspóirí inbhuanaitheachta acu a chruthú. Cloch mhíle thábhachtach is ea TTIC ó thaobh trédhearcacht a sholáthar maidir le rioscaí, tionchair agus deiseanna inbhuanaitheachta do ghnóthais. Is é an bonn é freisin a mbaineann cuideachtaí úsáid as chun faisnéis inbhuanaitheachta ardcháilíochta, iontaofa, chruinn, inchomparáide a chur ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus do gheallsealbhóirí eile.

---

[35] Tá an Coimisiún i mbun staidéar chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir leis an ngné shóisialta a bhaineann le hinfheistíocht CSR san Aontas, agus táthar ag díriú sa staidéar ar bhearnaí infheistíochta, ar na dúshláin atá roimh rannpháirtithe sa mhargadh agus ar chleachtais mhargaidh. Breathnófar sa staidéar ar bhealaí chun an creat infheistíochta sóisialta sna margaí caipitil a neartú, agus sainaithneofar bacainní agus roghanna beartais féideartha a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu amach anseo.

[36] Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa (IO L 302, 17.11.2009, lch. 1).

[37] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 ón gCoimisiún an 21 Márta 2012 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa.

Caighdeánú na faisnéise inbhuanaitheachta atá le tuairisciú ag cuideachtaí, tá sé ar phríomhghnéithe an chreata dhlíthiúil agus ní fada go mbeidh sé sin indéanta ó tharla go bhfuil caighdeáin Eorpacha maidir le tuairisciú um inbhuanaitheacht (CETInna) ar na bacáin. Tá an Coimisiún i gcomhairle faoi láthair le geallsealbhóirí maidir leis an leagan deiridh den chéad sraith de CETInna a bheidh bunaithe ar dhréachtchaighdeáin arna n-ullmhú ag an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais. Cuirfidh na caighdeáin ar fáil an treoraíocht a bhíonn ó chuideachtaí agus iad ag cinneadh cé na sonraí atá le tuairisciú agus conas a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraíonn siad ábhartha dóibh agus úsáideach ag na hinstitiúidí airgeadais. Tá an Coimisiún agus an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais ag obair go dlúth le Bord na gCaighdeán Idirnáisiúnta Inbhuanaitheachta agus leis an Tionscnamh Tuairiscithe Domhanda chun leibhéal an-ard idir-inoibritheachta a áirithiú idir na tacair éagsúla caighdeán. Is é an rud is mian leis an gCoimisiún, i ndeireadh na mbeart, go measfaí, faoi chuideachta a thuairiscigh faisnéis inbhuanaitheachta i gcomhréir leis na CETInna, an chuideachta sin a bheith i gcomhlíontacht leis na caighdeáin dhomhanda.

Leis an tuairisciú inbhuanaitheachta, táthar ag súil go bhfeabhsóidh an rochtain a bheidh ag gnóthais ar chaipiteal airgeadais agus go bhfeabhsófar sainaithint agus bainistiú rioscaí agus deiseanna inmheánacha, rud a chuideodh an buntáiste iomaíoch a mhéadú trí rannchuidiú leis an aistriú. Tá iarrachtaí déanta ag an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfaidh an gníomh tarmligthe maidir le CETInna, ar bhealach comhréireach, na cuspóirí beartais atá beartaithe, rud a d'íoslaghdódh na hualaí rialála a mhéid is féidir.  Bhreithnigh an Coimisiún an cur chuige maidir le hábharthacht, céimniú isteach breise, na nochtaí a chur ar bhonn deonach i roinnt cásanna, solúbthachtaí breise a thabhairt i roinnt ceanglais maidir le nochtadh, agus idir-inoibritheacht bhreise leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais, agus déanfaidh sé measúnú cúramach ar na barúlacha a fuarthas sa chomhairliúchán poiblí sula gcuirfidh sé bailchríoch ar an ngníomh tarmligthe. Cuideoidh caighdeáin aonfhoirmeacha freisin teorainn a chur leis na costais mhéadaitheacha a bhíonn ar chuideachtaí a mbíonn orthu freastal ar an iliomad éileamh aonair ar fhaisnéis ó gheallsealbhóirí éagsúla.

Ina theannta sin, forbrófar caighdeáin ar leith le haghaidh FBManna liostaithe, caighdeáin a bheidh comhréireach, ábhartha maidir le hacmhainneachtaí agus saintréithe FBManna agus maidir le scála agus castacht a ngníomhaíochtaí. Díreoidh na caighdeáin ar an bhfaisnéis atá ábhartha ó thaobh maoiniú de a theastaíonn ó institiúidí airgeadais[38] agus beidh siad ina dteorainn freisin ar an bhfaisnéis ó FBManna a bheadh ar ghnóthais mhóra a nochtadh i dtaca le FBManna ina slabhraí luacha, faisnéis a bhféadfadh sé nár mhór do na gnóthais sin iad a nochtadh de bharr ceanglais a leagann CETInna ar na gnóthais. Is coimirce thábhachtach é sin a shonraítear in TTIC, coimirce chun teorainn a chur leis na héifeachtaí indíreacha ar FBManna a bhíonn ag ceanglais tuairiscithe um shlabhraí luacha arna bhforchur ar ghnóthais mhóra. Mar sin féin, féadann sé go dtarlódh do FBManna neamhliostaithe (– ní thagann siad sin faoi raon feidhme na Treorach) go bhfaighidís breis iarrataí faisnéise ó chuideachtaí móra ina slabhraí luacha agus ó institiúidí airgeadais. Aithníonn an Coimisiún an dúshlán a

[38]I dtaca leis sin de, an oibleagáid faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú maidir le FBManna liostaithe, ní thiocfaidh an oibleagáid sin i bhfeidhm ach ón mbliain airgeadais 2026 ar aghaidh. Foráiltear sa Treoir go mbeidh rogha an diúltaithe ann go ceann dhá bhliain eile ina dhiaidh sin, rud a chiallaíonn nach mbeidh ar FBManna liostaithe faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú go dtí an bhliain airgeadais 2028.

d'fhéadfadh a bheith roimh FBManna neamhliostaithe i ndáil leis sin mar gheall ar a méid agus mar gheall air gur lú na hacmhainní atá acu. Dá bhrí sin, is mian leis gCoimisiún corparáidí móra agus idirghabhálaithe airgeadais a spreagadh chun prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus iad i dteagmháil le FBManna, agus a srianta a theannadh agus faisnéis á hiarraidh acu ar chomhpháirtithe ina slabhraí luacha ar FBManna iad.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh FBManna ag iarraidh príomhfhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú chun maoiniú inbhuanaithe nó maoiniú um aistriú a thiomsú. Chuige sin, tá sé ar cheann de thosaíochtaí an Choimisiúin go bhforbródh an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais caighdeán deonach le haghaidh FBManna neamhliostaithe, caighdeán deonach a d'fhéadfaidís a úsáid chun caighdeánú a dhéanamh ar an bhfaisnéis inbhuanaitheachta is mian leo a thuairisciú, agus a d'fhéadfadh é a dhéanamh níos éasca dóibh a bheith rannpháirteach san aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe.

**<u>Conclúid</u>**

Léiríonn an fhianaise luath go bhfuil clár oibre an Aontais um airgeadas inbhuanaithe ag oibriú ar an láthair agus go bhfuil na huirlisí airgeadais inbhuanaithe ag tosú ag déanamh éascaíocht d'infheistíochtaí san aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach, inbhuanaithe. Leanfar d'fhorbairt agus de bheachtú chreat an Aontais um airgeadas inbhuanaithe chun a áirithiú go mbeidh sé éifeachtach i dtaca leis na spriocanna atá beartaithe aige a bhaint amach agus i dtaca le tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Tá an Coimisiún tiomanta do chomhar láidir ar an leibhéal idirnáisiúnta. Trí chreataí airgeadais inbhuanaithe a fhorbairt i gcomhar le comhpháirtithe agus dlínsí idirnáisiúnta eile an oiread is mó is féidir, cabhrófar le hidir-inoibritheacht idirnáisiúnta a áirithiú, cuirfear ar chumas an Aontais acmhainneacht an airgeadais idirnáisiúnta a ghiaráil go hiomlán don aistriú, agus seachnófar castacht, margaí ilroinnte, agus costais bhreise ar ghnólachtaí.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag cur treoir phraiticiúil ar fáil do ghníomhaithe sa mhargadh, chun tacú le cur i bhfeidhm na rialacha atá ann cheana ar bhealach soiléir, éifeachtach. Leanfaidh sé freisin de bheith ag déanamh measúnú ar bhearnaí agus ar ábhair imní maidir le hinúsáidteacht agus ar éiginnteachtaí agus ar conas aghaidh a thabhairt orthu. Díreofar go sonrach ar mheasúnú a dhéanamh ar conas an creat airgeadais inbhuanaithe a dhéanamh níos inúsáidte agus níos cuimsithí do na FBManna gan ró-ualach a chur ar na gnólachtaí sin. Tabharfar tosaíocht freisin do leanúint den obair maidir le héascaíocht a dhéanamh don airgeadas um aistriú, agus mar chuid de sin, féachfar conas a d'fhéadfaí an tacsanomaíocht a chomhtháthú níos fearr sa chreat ar bhealach simplí, áisiúil. Cuirfidh an tArdán maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe agus na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha ionchur tábhachtach ar fáil sa chomhthéacs sin. Chun na gcríoch sin, rachfar i gceann sraith de ghníomhaíochtaí for-rochtana dírithe ar gheallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha.

Cuid den obair sin freisin is ea an dlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta tríd an Ardán Idirnáisiúnta um Airgeadas Inbhuanaithe, agus an dlúthchomhar in G20 agus le Bainc Forbartha Iltaobhacha agus le hInstitiúidí Eorpacha Maoinithe Forbraíochta, go háirithe i gcomhthéacs na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI — an Eoraip Dhomhanda) agus na straitéise Eorpaí 'Global Gateway'. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair ar conas is féidir leis cabhrú le tíortha comhpháirtíochta – le

tíortha ísealioncaim agus tíortha meánioncaim go háirithe – creataí airgeadais inbhuanaithe láidre chreidiúnacha a fhorbairt d'fhonn an inchomparáideacht dhomhanda agus an idir-inoibritheacht dhomhanda a fheabhsú.

Leis na chéad chéimeanna eile a leagtar amach thuas, daingneofar a thuilleadh cur i bhfeidhm praiticiúil an chreata airgeadais inbhuanaithe ag cuideachtaí, idirghabhálaithe airgeadais agus infheisteoirí, agus ar an gcaoi sin beifear in ann méadú ar an infheistíocht mhór is gá a dhéanamh chun an t-aistriú glas a chur chun cinn agus chun an bealach a réiteach chun geilleagar aeráidneodrach, inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2050.